INITIATIVE OF
THE EUROPEAN UNION

CÉAD PHRÍOMHCHATHAIR EORPACH EILE NA TURASÓIREACHTA CLISTE – DO CHATHAIRSE?

BILEOG EOLAIS

SmartTourismCapital.eu

CÉAD PHRÍOMHCHATHAIR EORPACH EILE NA **TURASÓIREACHTA CLISTE – DO CHATHAIRSE?**

Tá an Coimisiún Eorpach ag seoladh comórtais chun teideal Phríomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste 2026 a bhronnadh. Tabharfaidh an tionscnamh seo luach saothair do chathracha Eorpacha mar aon leis an deis chun a gcleachtais eiseamláireacha mar chinn scríbe turasóireachta cliste a chomhroinnt.

Taispeánfaidh an tionscnamh éachtaí chinn scríbe turasóireachta Eorpacha sna réimsí seo a leanas[1]:

INBHUANAITHEACHT *DIGITIÚ* *AN OIDHREACHT CHULTÚRTHA AGUS AN CHRUTHAITHEACHT* *INROCHTAINEACHT*

Bronnfar an teideal **"Príomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste 2026"** ar chathair amháin a léiríonn na réitigh is éirimiúla, is nuálaí agus is cuimsithí i ngach ceann de na réimsí thuasluaite.

Déan iarratas ar líne tríd an suíomh Gréasáin **SmartTourismCapital.eu** roimh an **30 Bealtaine 2025** ar 17:00 Am Lár na hEorpa.

CAD ATÁ I GCEIST LEIS AN TIONSCNAMH SEO?

Is í an turasóireacht an tríú gníomhaíocht shocheacnamaíoch is mó san Aontas Eorpach agus tá ról ríthábhachtach aici maidir le cur le fás, poist agus comhtháthú. D'fhéadfadh an earnáil sin a bheith i bhfad níos mó dá ndéanfaí eispéiris cuairteoirí a fheabhsú, comhpháirtíochtaí agus deiseanna nua comhair a chruthú chomh maith le nuáil i gcathracha agus réigiúin na hEorpa a neartú.

[1] Cathracha ar fud an Aontais, chomh maith leis na tíortha neamh-AE a ghlacann páirt i gClár an Mhargaidh Aonair (Clár COSME, mar a bhí, tráth): An Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Íoslainn, an Chosaiv, Lichtinstéin, an Mholdóiv, Montainéagró, An Mhacadóin Thuaidh, an Iorua, an tSeirbia, an Tuirc, an Úcráin; https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/smp/guidance/list-3rd-country-participation_smp_en.pdf

Trí dhuaiseanna a bhronnadh as cleachtais eiseamláireacha sa turasóireacht chliste trína mbaintear leas as an gcumas neamhúsáidte seo, féachann an tAontas Eorpach le spreagadh a thabhairt don nuáil agus do réitigh chuimsitheacha sa turasóireacht inbhuanaithe agus inrochtana, turasóireacht atá cliste ón taobh digiteach a chur chun cinn agus neartú a dhéanamh ar ról na dtionscal oidhreachta, cultúrtha agus cruthaitheacha mar shócmhainní turasóireachta.

Ag tógáil ar an taithí rathúil a bhí ag eagráin roimhe seo de Phríomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste, leanfaidh an tionscnamh seo de phróifíl na hEorpa mar cheann scríbe turasóireachta a ardú agus de líonra a bhunú chun dea-chleachtas a chomhroinnt i measc cinn scríbe Eorpacha.

PHRÍOMHCHATHAIR THURASÓIREACHTA CLISTE – CÉN SÓRT CATHRACH Í?

Do chuspóirí an chomórtais seo, sainmhínítear cathair thurasóireachta cliste mar chathair:

- atá ag cur réitigh nuálacha, cliste agus cuimsitheacha i bhfeidhm i réimse na turasóireachta
- a úsáideann a caipiteal críche sóisialta agus daonna chun an earnáil turasóireachta a fhorbairt, saibhreas a chruthú don chathair agus caighdeán saoil níos fearr a thabhairt do mhuintir na cathrach
- a thairgeann eispéireas saibhrithe saincheaptha turasóireachta trí bhuntáiste a bhaint as sócmhainní áitiúla, meas a léiriú ar phobail áitiúla agus páirt a thabhairt dóibh sa turasóireacht
- a éascaíonn teacht ar sheirbhísí agus táirgí turasóireachta trí na nua-theicneolaíochtaí, an in-idirnascaíocht agus in-oibritheacht seirbhísí

Ar aon dul leis an méid thuas, beidh Príomhchathair Eorpach Turasóireachta Cliste:

- **inrochtana:** inrochtana go fisiciúil do thaistealaithe a bhfuil riachtanais speisialta rochtana acu, beag beann ar aois, staid shóisialta nó eacnamaíoch, agus míchumas. Insroichte gan dua ar chóracha éagsúla iompair agus córas sásúil iompair a bheith ar fáil sa chathair.
- **inbhuanaithe:** ag obair chun an timpeallacht agus acmhainní nádúrtha a chaomhnú agus a bhreisiú agus forbairt eacnamaíoch agus soch-chultúrtha a choimeád ar siúl ar shlí chothromaithe.
- **digiteach:** ag cur eolas turasóireachta agus fáilteachais, táirgí, seirbhísí, spásanna agus eispéiris nuálacha ar fáil, atá oiriúnaithe do riachtanais tomhaltóirí i bhfoirm réitigh agus uirlisí digiteacha bunaithe ar TFC.
- **cultúrtha agus cruthaitheach:** trí úsáid sheiftiúil a bhaint as an oidhreacht chultúrtha agus as tionscail chruthaitheacha ar mhaithe le heispéireas saibhrithe turasóireachta.

CÉN FÁTH ARBH FHIÚ DO DO CHATHAIRSE IARRATAS A DHÉANAMH AR BHEITH AR CHATHAIR EORPACH NA TURASÓIREACHTA CLISTE?

Deis uathúil a bheidh i dteideal **Phríomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste 2026** chun cumarsáid spriocdhírithe agus tacaíocht bhrandáilte a fháil ar feadh bliana ó shainchuideachta idirnáisiúnta caidrimh phoiblí agus cumarsáide. Eagrófar gníomhaíochtaí leathana cumarsáide chun an chathair seo a chur ar mhapa chinn scríbe na turasóireachta cliste agus beidh siad feiceálach mar cheannródaithe na turasóireachta cliste san Aontas Eorpach.

Mar aon le trófaí, gheobhaidh an chathair a bhuafaidh dealbhóireacht mhór shaincheaptha a shuífear i láthair na cathrach mar chomhartha dá ngealltanas i leith turasóireacht atá ***INBHUANAITHE, INROCHTANA, DIGITEACH*** agus ***CULTÚRTHA.***

I measc buntáistí eile, breiseofar gníomhartha promóisin na cathrach trí fhíseán gearr léirithe a dhéanamh ina dtaispeánfar éachtaí ó thaobh na turasóireachta cliste agus i dtaispeántas le linn ócáid mhór turasóireachta nó aonach taistil AE.

Mar sin beidh deis ag an gcathair a roghnófar mar **Príomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste 2026** bheith mar inspioráid do chinn scríbe turasóireachta eile ar fud na hEorpa, cur lena bpróifíl chathrach féin mar cheann scríbe taistil ar ardchaighdeán, cuairteoirí a mhealladh agus fás eacnamaíoch a ghiniúint ar bhealach inbhuanaithe.

CÉ A FHÉADANN IARRATAS A DHÉANAMH?

Tá an comórtas ar oscailt do chathracha:

- atá suite i mBallstát AE nó i dtír neamh-AE atá rannpháirteach i gClár an Mhargaidh Aonair – Clár COSME, mar a bhi, tráth[2]
- a bhfuil 100,000 duine ar a laghad ina gcónaí iontu – sna tíortha sin nach bhfuil cathair de 100,000 áititheoir iontu, beidh an chathair is mó incháilithe le cur isteach.

Féach an Guide for Applicants chun mioneolas a fháil ar na critéir cháilitheachta a bheidh le comhlíonadh.

CONAS A ROGHNÓFAR AN BUAITEOIR?

Déanfar glao ar iarratais **a lainseáil i Márta 2025**, le spriocam d'iarratais i mBealtaine 2025. Sa tréimhse réamhroghnúcháin, déanfaidh painéal saineolaithe neamhspleácha gach iarratas bailí a mheas i gcomórtas le sraith shocraithe critéar duaise. Ar bhonn an mheasúnaithe sin, bunóidh an Coimisiún gearrliosta de 4 chathair ar a mhéad, agus iarrfar orthu a n-iarrthóireacht a chur i láthair Ghiúiré Eorpach a roghnóidh Príomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste 2026.

Féach an Guide for Applicants chun tuilleadh eolais a fháil ar riachtanais an iarratais agus ar an gcóras meastóireachta.

[2] An Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Íoslainn, an Chosaiv, Lichtinstéinan, an Mholdóiv, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, an Iorua, an tSeirbia, an Tuirc, an Úcráin; https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/smp/guidance/list-3rd-country-participation_smp_en.pdf

PRÍOMHDHÁTAÍ

Lainseáil an chomórtais: **05 Márta 2025**

An lá deiridh le haghaidh iarratas: **30 Bealtaine 2025 17:00 Am Lár na hEorpa**

Tréimhse mheastóireachta: **Iúil – Lúnasa 2025**

Fógairt an ghearrliosta dheiridh: **Meán Fómhair 2025**

Cruinniú Ghiúiré na hEorpa agus fógairt an bhuaiteora: **Samhain 2025**

TUILLEADH EOLAIS:

Léigh an **GUIDE FOR APPLICANTS** ar **SmartTourismCapital.eu**

Déan teagmháil linn trí **info@SmartTourismCapital.eu**